**SCÉIM MHARCÁLA GAEILGE**

**SCRÚDÚ NA hARDTEISIMÉIREACHTA 2006 (BONNLEIBHÉAL)**
**CLUASTUISCINT (180 MARC)**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Ceist 1(a) | | Airgeadóir = an dara pictiúr | ... 7 marc ) | = 14 marc |
| | (b) | Cathair Chorcaí | ... 7 marc ) | |
| Ceist 2 | (a) | Óstán = an chéad phictiúr | ... 7 marc ) | = 14 marc |
| | (b) | Cúigear | ... 7 marc ) | |
| Ceist 3 | (a) | Taispeántas Faisin = an ceathrú pictiúr | ... 7 marc ) | = 14 marc |
| | (b) | Éadaí d'fhir | ... 7 marc ) | |
| Ceist 4 | | Amharclann = an dara pictiúr | .. 7 marc ) | = 7 marc |
| Ceist 5 | | An bosca ag an mbarr ar dheis | .... 7 marc ) | = 7 marc |
| Ceist 6 | (a) | Aimsir fhliuch = an chéad phictiúr | ... 8 marc ) | = 16 marc |
| | (b) | tirim agus te | ... 8 marc ) | |
| Ceist 7 | (a) | Griangrafadóir = an dara pictiúr | ... 8 marc ) | = 16 marc |
| | (b) | an idirbhliain | ... 8 marc ) | |
| Ceist 8 | (a) | Céilí mór = an tríú pictiúr | .. 8 marc ) | = 16 marc |
| | (b) | Ospidéal na bPáistí | ... 8 marc ) | |
| Ceist 9 | (a) | An Club óige = an chéad phictiúr | ... 8 marc ) | = 16 marc |
| | (b) | ar a seacht a chlog | ... 8 marc ) | |
| Ceist 10 | (a) | ag ithe san óstán | ... 10 marc ) | = 20 marc |
| | (b) | An mhí seo chugainn | ... 10 marc ) | |
| Ceist 11 | (a) | Comórtas raidió | ... 10 marc ) | = 20 marc |
| | (b) | Bitheolaíocht | ... 10 marc ) | |
| Ceist 12 | (a) | Oifig Thaistil | .. 10 marc ) | = 20 marc |
| | (b) | A uncail Liam | ... 10 marc ) | |

## ROINN 1: LÉAMHTHUISCINT ( 150 MARC)

### Ceist 1: Meaitseáil 40 marc

Beifear ag súil le litir ach glacfar le córas eile má tá sé soiléir / iontuigthe.

LITIR AN PHICTIÚIR

| | |
|---|---|
| 1 | **E** |
| 2 | **D** |
| 3 | **G** |
| 4 | **B** |
| 5 | **J** |
| 6 | **H** |
| 7 | **A** |
| 8 | **F** |
| 9 | **C** |
| 10 | **I** |

UIMHIR AN PHICTIÚIR

| | |
|---|---|
| 1 | **5** |
| 2 | **4** |
| 3 | **7** |
| 4 | **2** |
| 5 | **10** |
| 6 | **8** |
| 7 | **1** |
| 8 | **6** |
| 9 | **3** |
| 10 | **9** |

Samplai atá droim ar ais (an t-iarrthóir ag féachaint ar an bpictiúr ar dtús agus ag scríobh uimhir don bhfógra )

**Litir**=25 marc

**(a)**

1. I gCoill An Chollaigh ... 5 marc )
2. 6ú Bealtaine ... 5 marc )
3. 2003 ... 5 marc )
4. Agallamh ... 5 marc )
5. Oifigeach Pearsanra ... 5 marc )

(b) Bróisiúr= 25 marc

1. Iardheisceart ... 5 marc )
2. Siúl ... 5 marc )
3 Os comhair an chuain ... 5 marc )

4. 12 ... 5 marc )

5. Cois tine san oíche ... 5 marc )

(c) Scéal Nuachta= 25 marc

1. ceithre bliana d'aois ... 5 marc )

2. Aoife ... 5 marc )

3. ag sú na gréine ... 5 marc )

4. Suas an trá ... 5 marc )

5. Faoi sheanbhád ... 5 marc )

**Ceist 3** **60 Marc** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos

(a) **Alt: Ar Son Mhuintir na hAfraice**=30 marc

1. 1951 ... 6 marc )

2. An Aetóip ... 6 marc )

3. Gorta ... 6 marc )

4. *Ridearacht* ... 6 marc )

- "Bhronn Banríon Shasana ridireacht ar Bob" = 6 marc
- "Bhronn Banríon Shasana ..an bhliain dar gcionn" = 6 marc
- "Bhronn Banríon Shasana ridireacht ar Bob an bhliain = 5 marc

- "Bhronn Banríon Shasana . . . . . . .san Afraic" = 3 marc
- "a chur ar siúl . . . . . . . Bob (an bhliain dar gcionn) = 3 marc

- "Tháinig siad ar fad . . . . . Bob (an bhliain dar gcionn) = 2mharc

5. 5 billiún ... 6 marc )

(b) **Giota "Súil Eile"** = 30 marc

1. 1996 ... 6 marc )

2. Athghuthú ... 6 marc )

3. *Hector* / Chaith Hector ... 6 marc )

-"Chaith Hector cúig bliana . . . . ag taisteal" = 6 marc
-"Chaith Hector cúig bliana . . . . ar fud na cruinne" = 6 marc
-"Chaith Hector cúig bliana . . . .ar son TG4" = 6 marc

-"Chaith Hector cúig bliana . . . .a dhéantar do TG4" = 4 marc

-"Neelo agus Hector" = 3 marc

-"Chaith Hector cúig bliana . . . chláir fáisnéise" = 2 mharc
-"I measc na gclár eile . . .. .. Neelo agus Hector" = 2 mharc

4. Sobalchlár ... 6 marc )

5. an bhliain seo caite ... 6 marc )

(c) **<u>Véarsaí " An Blascaod Mór Anois"</u>** =30 marc

1. Chun na míntíre ... 6 marc )

2. *"ag súgradh (ar an trá)"* ... 6 marc )

-"Is cuimhin leis . . . ar an trá" = 6 marc
-"Is cuimhin liom . . . ar an trá" = 6 marc
-"Páistí beaga ag súgradh" = 6 marc
-"Páistí beaga ag súgradh ar an trá" = 6 marc

-"Ag súgradh ar an trá is naomhóga ag iascaireacht" = 4 marc
-"Is cuimhin leis (liom) . ….. . ag iascaireacht = 4 marc
-" ar an trá" = 4 marc
-"Ag súgradh ar an trá . . . . .go doimhin sa bhá" = 2mharc
- An dara véarsa = 2 mharc
-"ag iascaireacht" / "trá" = 0 marc
-"Is cuimhin leis páistí beaga" (líne 5) = 0 marc
-"Is naomhóga ag iascaireacht" (líne 7) = 0 marc
-"Amuigh go domhain sa bhá" (líne 8) = 0 marc
-"Is naomhóga . . . . sa bhá" (l.7 agus 8) = 0 marc

`

3. Cois tine ... 6 marc )

4. veidhlín ... 6 marc )

5. Taibhsí ... 6 marc )

.

**ROINN II - Scríobh na Teanga**

Tascanna scríofa teoranta atá anseo. Ní ceartú atá ar siúl againn, ach measúnú agus marcáil. Má déantar an tasc bronnfar na marcanna.

Déantar an mharcáil anseo faoi dhá cheannteideal -

**Cumas Cumarsáide (CUM)**
**Cruinneas Gaeilge (CR)**

**Cumas Cumarsáide**
Ciallaíonn "cumas" sa chás seo an cumas atá san iarrthóir a smaointe a chur in iúl trí Ghaeilge. Bíonn "Cumarsáid" ann nuair is féidir linn teachtaireacht, smaointe, nuacht an iarrthóra a thuiscint. Mar sin ciallaíonn "Cumas Cumarsáide" an cumas atá san iarrthóir an tasc cumarsáideach, a tugadh dó/di, a chomhlíonadh.

Is gá idirdhealú a dhéanamh idir botún cumarsáide agus botún cruinnis. Go minic bíonn an chumarsáid slán aineoinn go mbíonn botún cruinnis san fhreagra. De bharr sin ní foláir bheith an-chúramach faoi bhotún cruinnis nach botún cumarsáide é.

**Cruinneas Gaeilge**
Ciallaíonn "Cruinneas Gaeilge" na gnéithe seo leanas:

(1) Dul na Gaeilge - Struchtúir na Gaeilge agus Cruinneas gramadaí.
(2) Foclóir agus cruinneas foclóra.
(3) Litriú: cé go mbíonn sé seo san áireamh moltar duit gan a bheith ró-dhian ar bhotúin litrithe ag an léibhéal seo.

**N.B. Ná glac le Béarla.**

Ábhar nach bhfuil Ad Rem : Cuirfear comhairle faoi seo i gcás gach fo-cheiste.

Ábhar neamhghnách : Cuirfear comhairle faoi seo mar a theastaíonn.

## Ceist 4 (a): Fógra

An Tasc: Fógra a scríobh amach bunaithe ar na pictiuir agus ar na treoracha.
(Ní gá abairtí iomlána a scríobh anseo.)

Tá dhá roinn mharcála sa cheist seo:
Cumas Cumarsáide agus Cruinneas Gaeilge.

**Cum.=22**
**Cr. = 8**

## Cumas Cumarsáide:

Leagan amach: 1 marc
Na treoracha: 21 marc

**Leagan amach: 1 marc**

Má tá fógra ann nó iarracht ar fhógra glac leis, agus cuir tic in aice leis an bhfocal "Fógra"
Alt/scéal/ cuntas/ litir/aiste san A. Chaite = 0.

**Na Treoracha:**
**Iarrtar ort tic a chur le gach pointe a fhreagraíonn do na treoracha nó do na tagairtí**

**Pic:1 Cén rud?=3 marc        Cén áit? =3 marc**

**Cén rud?**
Bronnfar **3 marc** ar na freagraí seo a leanas:
Tráth na gCeist / Comórtas Ceist(eanna) / Scrúdú Ceisteanna
Comórtas leis féin =2

Bronnfar **0** ar na freagraí seo a leanas:
Seó / Seo / Taispeántas / Quiz /Trath nag C.

**Cén áit?                3 marc**
Glac le háit ar bith atá oiriúnach.Caithfidh an halla, an t-óstán, nó an teach tabhairne a bheith ainmnithe.

Bronnfar **3 marc** ar na freagraí seo a leanas:
An Scoil / Sa Scoil / nó ainm scoile
Halla na scoile / Sa Halla / nó Halla ar bith atá ainmnithe / Halla pobail / sa Chlubtheach
Ainm óstáin nó pub

Halla / Ostán/ Teach tabhairne / sa phub (gan ainm) =1
Ainm Bhaile/ Sa Chathair / = 1 marc

**Pic.2 Cen oíche? Dáta? Am? Cé mhéad euró ar gach bord?      (3+2+2+2)**

**Cén oíche?                3 mharc**
Glac le lá nó oíche ar bith
Bronnfar **3 marc** ar na freagraí seo a leanas:
Anocht / Inniú/ Amárach / An tseachtain seo (chugainn)

Bronnfar **2 mharc** ar na freagraí seo a leanas;

De Sathairn seo caite/ An tseachtain seo caite    (-1 don Aimsir Chaite)
Aréir / Inné

Ar maidin =1 marc

**Dáta:                = 2 mharc**
Glac le dáta ar bith ach caithfidh an mhí a bheith litrithe. (-1 Muna bhfuil)

3ú Meitheamh                **= 2 mharc**

3ú / 3ú lá / 3/6 nó 3ú/6                **= 1 marc**

ach i gcás 3 / 3 mí / 3ú mí =**0 marc**

**Am: 2 mharc**
Glac le ham ar bith a bhfuil ciall leis.
Glac le figiúirí agus le p.m. / Am = 5 =**2 mharc**
Má tá figiúirí ann agus a.m , = **1 marc**

**Cé mhéad Euró ar gach bord? =2 mharc**
Glac le suim ar bith airgid a bhfuil ciall leis, ach caithfidh ionramháil a bheith ann
Caithfidh comhartha nó focal (euró ) a bheith ann

"€20 ar gach bord" / / Taille €20 / Airgead €20 **= 2 mharc**
Cead isteach €20 /€20 **= 1 marc**
20 = **0 marc**

**Pic. 3: Cá mbeidh na ticéid ar díol? = 3 marc**

Glac le tagairt amháin
Bronnfar 3 marc ar na freagraí seo a leanas:
Tá / Beidh na ticéid ar fáil (ar díol) ag an doras / in oifig na scoile / san oifig / ón rúnaí / ón bpríomhoide
Ó mhúinteoir nó ó dhaltaí áirithe
Ticéid ar fáil (ar díol) sa scoil / sa halla / sa siopa / i siopa na scoile
Ticéid -> san oifig

**Pic. 4 Cad a thárlóidh don airgead? = 3 marc**
Caithfidh ceangail a bheith déanta idir "an t-airgead" agus "Áras na seandaoine" nó seandaoine.
Bronnfar **3 mharc** ar na freagraí seo a leanas:
Rachaidh an t-airgead go dtí Áras an seandaoine (na seandaoine)
(Airgead) ar son Áras na seandaoine / (Airgead ) ar son seandaoine
Tá /Beidh an t-airgead ag dul go (dtí) Áras ana seandaoine (seandaoine)
Airgead go (do) Áras na seandaoine (seandaoine)
Airgead -> Áras an seandaoine (seandaoine)
Tá /Beidh an t-airgead go dtí Áras na seandaoine (seandaoine) (N.B. Cruinneas!!)

Bronnfar **2 mharc** ar na freagraí seo a leanas:
Airgead **:** Áras na seandaoine (seandaoine)
Airgead **=** Áras an seandaoine ( seandaoine)
Thárlóidh an t-airgead (go dtí) Áras na seandaoine (seandaoine)

Bronnfar **1 marc** ar na freagraí seo a leanas:
Tharlóidh an t-airgead go dtí Áras na seand (na seand)
Seandaoine / Áras na seandaoine

Seand / Áras na seand = 0 marc

N.B. –1 do gach treoir a bhfuil scríofa san Aimsir Chaite m.sh. "Bhí an t-airgead ar son Áras na seandaoine"
-1 aon uair a mbíonn "Seand" ann.

## Ceist 4(b). Freagra

An Tasc: Freagra a scríobh bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

Arís anseo tá dhá roinn mharcála sa cheist seo.

**Cumas Cumarsáide (CUM = 22)**
**Cruinneas Gaeilge (CR = 8)**

**Cumas Cumarsáide.**

**Leagan amach:**

| | |
|---|---|
| Leagan Amach | = 4 |
| Na Treoracha | = 18 |

**Beannú oiriúnach:** **2 mharc.**
**Iarracht ar chuireadh:** **1 marc**
**Síniú:** **1 marc** na marcanna a thaispeáint ar an imeall ar dheis

**Beannú oiriúnach:**
Cuir tic san áit chuí. agus breac an marc bronnta san imeall ar dheis.
Glac le:A *Áine,/ Hi (Haigh) a Áine ,/ Áine*, / *a chara Áine*
Má fhágtar an "A/a" ar lár beidh botún cruinnis i gceist
Má tá: "A" agus ainm eile: -1.
Ainm eile gan "A": -1 agus é a chur san áireamh sa gcruinneas.
Haigh/Hi gan ainm ar bith: -1.
A chara =1

**Iarracht ar fhreagra: 1 marc**.

An iarracht a léamh go tapa. Má bhíonn cosúlacht ann go bhfuil freagra i gceist nó go bhfuil freagra iontuigthe bronn an marc air. Cuir tic os cionn an fhocail FREAGRA An marc a bhronntar a léiriú san imeall.

**Síniú : 1 marc**.
Glac le hainm ar bith a bhfuil ciall ag baint leis, nó le cinnlitreacha. Cuir tic leis an ainm.

Na trí marcanna don leagan amach a léiriú san ord ceart san imeall, pé marc nó náid nó stríoc mar is gá.

| |
|---|
| 2 |
| 1 |
| 1 |

| |
|---|
| 2 |
| - |
| 1 |

| |
|---|
| 1 |
| - |
| 0 |

**Na Treoracha:**
Iarrtar ort tic a chur le gach pointe a fhreagraíonn do na treoracha nó do na tagairtí.

**Pic. 1 Cén uair a fuair tú an cuireadh? / An raibh áthas ort é a fhail? Nó brón? ( 3 + 3 )**

**Cén uair a fuair tú an cuireadh?**
Bronnfar 3 marc ar na rudaí seo a leanas:
Am nó lá ar bith atá ciallmhar
Ar maidin / Inné / cúpla lá ó shin / inniú / an tseachtain seo caite

**An raibh áthas ort é a fháil? Nó brón?**
Glac le freagra ar bith a bhfuil ciall ag baint leis
Bhí áthas orm / Bhí mé sásta / Bhí mé áthas (Botún cruinnis)
Bhí áthas ort = 2 mharc
Is maith liom an cuireadh (braitheann sé ar an gcómhthéacs)

**Pic.3 An mbeidh tú ábalta dul ann? / An dtabharfaidh do Mham an carr duit? ( 3 + 3 )**

**An mbeidh tú ábalta dul ann?**
Bronnfar 3 marc ar na freagraí seo a leanas:
Beidh / Ní bheidh mé ábalta dul ann
Tá / Níl mé ábalta dul ann
Tá/ Níl mé ag dul go dti an gceolchoirm
Ba (Níor) mhaith liom / Is (Ní) maith liom dul

**An dtabharfaidh do Mham an carr duit?**
Bronnfar 3 marc ar na freagraí seo a leanas
Tabharfaidh (Ni thabharfaidh) mo Mham an carr dom
Tabharfaidh do Mham an carr dom
Tabharfaidh do Mham an carr duit
Tá mo Mham an carr dom / duit
Tá(Beidh) an carr agam / Tá(Beidh) mé an carr agam / nó (Níl) /Ní bheidh (mé) an carr agam
Tá/Beidh an carr agat = 2 mharc

**Pic. 4: Cén t-am a bhuailfidh tú le hÁine /Cad a dhéanfaidh sibh tar éis na ceolchoirme? ( 3 + 3 )**

**Cén t-am a bhuailfidh tú le hÁine?**
Bronnfar 3 marc ar na freagraí seo a leanas:
Buailfidh mé leat ar a haon a chlog / ag am lóin / tar éis lóin/ tar éis scoile / anocht

**Cad a dheanfaidh sibh tar éis na ceolchoirme?**
Bronnfar 3 marc ar an freagraí seo a leanas:
Rachaimid go dtí bialann / Mc Donald’s / Óstán Savoy /ina dhiaidh sin ( tar éis na ceolchoirme)
Rachaimid go dtí béile/ dinnéar tar éis na ceolchoirme
Táimid / Beimid ag dul go dtí Mc Donald’s (nó bialann cinnte éigin) tar éis na ceolchoirme
-1 don Aimsir Chaite.

# Ceist 5(a) Litir

**An tasc:** litir a scríobh chuig cara leat, bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

Tá dhá roinn mharcála anseo: **Cumas Cumarsáide = 30**
**Cruinneas Gaeilge = 10**

| |
|---|
| Leagan Amach = 6 marc<br>Na Treoracha = 24 marc |

**Cumas Cumarsáide**:
**Leagan amach: 6 marc.**

**Seoladh: 2 mharc**.
Tá dhá chuid ag teastáil.
Ná glac le leagan Béarla de sheoladh gur féidir Gaeilge a chur air.
Cuir tic leis an dá chuid anseo.

**Dáta: 1 marc.**
Glac le figiúirí. Cuir tic.

**Tús: 1 marc. (Tic)**
Glac le ainm lom gan an "A", ach é seo a chur san áireamh sa chruinneas.
Glac le “A Chara”

**Slánú:**
Dhá chuid ag teastáil. Slánú agus ainm. Glac le haon rud oiriúnach. (dhá thic)
Breac na marcanna a bhronntar san imeall san ord cuí.

| |
|---|
| 2<br>1<br>1<br>2 |

**Na Treoracha: 24 marc.**
**Iarrtar ort tic (agus gan ach tic) a chur leis na pointí a fhreagraíonn do na treoracha/tagairtí.**

**Pic 1. Insint faoin mbialann agus faoi na daoine atá ag obair leat ann (2+2)**

**Insint faoin mbialann:**
Ionramháil de shaghas ar bith ag teastáil.
Samplaí: Tá sé mór/gnóthach/go deas. Ainm na bialainne ./Tá mé ag obair i mbialann Uí Néill
Tá sé in aice na sléibhte / faoin tuath

Tá mé ag obair sa bhialann (Dialann) seo = 0 marc
N. B. Glac le “dialann” os rud é go bhfuil sé scríofa 2 uair sna pictiúirí
.
**Insint faoi na daoine atá ag obair leat ann:**
Glac le tagairt ar bith a bhfuil ciall léi.
Tá a lán daoine ag obair anseo / Tá mo chara Liam ag obair liom
Tá na daoine atá ag obair sa bhialann cairdiúil / go deas / an-ghreannmhar / craiceáilte
Is maith liom na daoine atá ag obair anseo
Tagairt don bhainisteoir

**Pic.2 : Ag insint faoin obair a dhéanann tú. (4 + 4 + 4 )**

Trí phointe nó thagairt ( 4 + 4 + 4)) do na rudaí a léirítear sa phictiúr seo, aon rud atá iontuigthe ó thaobh pictiúr a dó…
.Ag scuabadh urláir /ag glanadh suas / ag obair le torthaí nó glasraí / ag tógáil airgid/ ag freastal ar na custaiméirí / ag cabhrú leis na custaiméiri / ag caint leis na custaiméirí/ ag tógail orduithe / ag ní gloinní / ag cur bia ar na boird / ag glanadh boird / ag bailiú gréithre / ag obair sa chistin (sa bheár) / ag cócaireacht / ag ullmhú béilí (dinnéir)

**Seachain:** Ag scuabadh, ag glanadh, ag ullmhú / ag freastal gan ionramháil = 3
Má tá tagairt do rátaí pá, do na coinníollacha oibre, don méid ama a oibríonn sé/sí nó do dhearcadh an iarrthóra ar an obair (aon rud atá ciallmhar, ad rem agus ceangailte leis an bpictiúr) glac leis.
Ní leor a leithéid de “*Tá mé ag obair sa bhialann”* leis féin *=0*

**Pic. 3 (2+2)**
**Ag insint faoi na custaiméiri a thagann isteach sa bhialann;**
Dhá thagairt ag teastáil (2+2)
Glac le tagairtí ar bith atá oiriúnach mar shampla
Tá/Tagann / Bíonn alán daoine ag ithe sa bhialann gach lá.
Tá na custainéirí (daoine) go deas, cairdiúil, go maith.
Tagairtí don chineál daoine, aois na ndaoine,ainmneacha daoine cáiliúla, cuairteoirí..
Bhí mé ag caint le X / Tháinig X go dti an mbialann / Tugann na custaiméiri airgead dom
Glac le aimsir ar bith atá oiriúnach.

**Pic 4. Insint faoi na rudaí a dhéanann tú nuair a bhíonn lá saor agat: (2+2)**
Tá dhá thagairt do na himeachtaí éagsúla a léirítear sa phictiúr ag teastáil: = 2+2.
Beifear ag súil le tagairt do shiúl / shiúlóid nó spáisteoireacht/ ag léamh / ag snámh / ag súgradh san uisce/
An trá / an fharraige / ag bádóireacht (seoltóireacht) / ag damhsa / ag éisteacht le ceol/ ag iascaireacht / ag sú na gréine / ag dreapadóireacht / ag imirt cluichí

Suimigh. (Na marcanna don leagan amach agus do na pointí san áireamh)
**CUM(30) = 30**
**Cruinneas Gaeilge** as deich.
**CR(10) = 10**

**40**
Dhá líne faoin iomlán do cheist 5(a) ar fad.
===

<u>N.B.</u>Ná haistrigh an t-iomlán suas go dtí uimhir na ceiste go dtí go mbeidh 5(b) marcáilte.

# Ceist 5(b). Foirm Iarratais

An Tasc: Foirm iarrtais a líonadh a bhfuil "ceisteanna" le freagairt agus "alt beag" a bhaineann go dlúth leis an bhfoirm iarratais a scríobh inti.
Mar seo thíos a roinntear na marcanna.

**Cumas Cumarsáide** **CUM = 30**
**Cruinneas Gaeilge** **CR = 10**

**Cumas Cumarsáide:-**

| | |
|---|---|
| Na ceisteanna | =15 marc |
| An t-alt | =15 marc |

Na Ceisteanna:
Ar mhaithe le leathmharcanna a sheachaint caithfear na marcanna a bhronnadh mar a léirítear thíos agus tar éis suimiú a dhéanamh, an t-iomlán do na ceisteanna a roinnt ar a dó. Ná bíodh aon leathmharc ann.

**Uimhir theileafóin**: uimhir nó fleiscín (tic) **= 1**

**Seoladh:.**
Dhá chuid sa seoladh (2+2), Gaeilge más féidir. Cuir tic le gach chuid. **= 4**
**Aois:** aon aois os cionn 15 bliana =1 marc
**Dáta breithe**: Glac le figiúirí le figiúirí loma =2 mharc **= 3**
(Má fhágtar an bhliain in easnamh –1 / 1991 ar aghaidh = 0 marc
**Cén áit ar rugadh tú?**
Glac le háit ar bith / sa bhaile / nó ainm ospidéil **= 1**

**Cén Scrúdú Teistiméireachta atá déanta agat?**:
T. Sóisearach / Ardteist / T.S. / A.T **= 2**
**Luaigh cúig ábhar scoile**:
Ná glac le leagan Béarla (cuir tic) **= 10**
(Matha =2 / Mathamaitic =2 /Math(s) =0 /Mathamaitics =0 /Star =2) )
**An bhfuil tú ábalta snámh?**
Sea/ Tá/ Níl/Bhí/Ní raibh/Ní maith **= 1**
**An gcaitheann tú tabac?**
Caithim / Ní chaithim / Is maith / Ní maith (Tá/ Bhí/ Sea 7rl.) **= 1**
**An mbeidh tú sásta dul faoi scrúdú dochtúra?**
Beidh/Ní bheidh / Bheadh /Ní bheadh / Tá /Níl
Ba mhaith liom / B'fhearr liom/ Sea/ Ni hea 7rl **= 1**
**Cén módh taistil atá agat?**
Siúl/ Rothar / Bus /Traen /carr / Níl **= 1**
**Luaigh trí chaitheamh aimsire atá agat:** Trí cinn ag teastáil as Gaeilge.
Cuir tic. **= 3**
**Cuir tic leis an dáta is fearr leat le haghaidh agallaimh**; tic **amháin** **= 1**
Golf / Goilf =0 Soccar / Saccer =0 Socar/ Sacer /Saccar = 1 Snúker =1
Hoca =1
**Dáta:** Glac le figiúirí **= 1**
**An t-iomlán a roinnt ar a dó.**
**30 ÷ 2 = 15**

# An t-Alt beag:  15 marc.

Caithfidh an t-alt a bheith *Ad Rem*, 'sé sin, dírithe ar an téama trí chaint nó insint faoi bheith ag obair i Linn Snámha. Glac le tagairt don saghas oibre, tuairim ar bith faoin obair féin, nó coinníollacha oibre nó aon tagairt eile a thaispeánann go bhfuil ábhar an ailt ar aigne an iarrthóra.

**Má tá sé ad rem é a mheas as 15 mar phíosa cumarsáideach.**
**Muna bhfuil sé ad rem caithfear é a mharcáil as 5.**

Ba chóir an marc atá ar fáil don phíosa a thaispeáint i lúibíní sula ndéanann tú measúnú ar an gcumarsáid.

( 15 ) nó ( 5 ) a léiriú áit éigin istigh sa leathanach.

Níl méid áirithe pointí ag teastáil -- má's léir go bhfuil fáth ar bith ag an scríbhneoir gur mhaith leis/leí bheith ag obair i linn snamha, glac leis go bhfuil sé ad rem.Glac le tagairtí do thréithe pearsanta, pearsantacht, taithí oibre, cursaí airgid, suim i gcursaí snámha 7rl. Cuimhnigh gur cumarsáid atá i gceist. Bronn marc don chumarsáid as an marc atá ar fáil

Tá 40 focal ag teastáil. Ná glac le focail Bhéarla. Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor bainfear céatadán cuí den mharc bronnta. (mar shampla: mura bhfuil ann ach thart fá 32 focal, bainfear an cúigiú cuid den mharc bronnta). É sin a thaispeáint mar seo a leanas:

(15 )  $14 - 3_f = 12$

**Achoimre**
Socraigh cén marc atá ar fáil don alt:(15) nó (5)
agus léirigh an marc seo i lúibíní.
Marcáil an t-alt as an marc atá ar fáil dó.
Bain an marc cuí ar mhaithe le fad an phíosa.
Fiú muna bhfuil marc le baint taispeáin seo $15-0_f=15$

Suimigh  na marcanna do na ceisteanna agus don alt faoin teideal
**CUM (30)** **= 30.**
An Ghaeilge san iarracht ar fad idir fhoirm agus alt a mheas as 10.
**CR   (10)** **= 10.**
**= 40**

Dhá líne faoin iomlán agus an marc is airde idir 5(a) agus 5(b) a chur ar aghaidh go dtí uimhir na ceiste agus chuig an ngreille. Lúibíní cearnógacha thart ar an iomlán is ísle.

# Ceist 6(a) Cuntas:

**An Tasc Cuntas (timpeall 90 focal) a scríobh do *"Iris na Scoile"* bunaithe ar a bhfuil sa phictiúr, nó a bhaineann le lá cois locha leis an gClub Óige".**

Níor mhór seacht dtagairt ar a laghad a bheith sa chuntas d'imeachtaí nó do thosca na hocáide. Cuir tic le gach tagairt atá ann. Bain 5 marc ar gach tagairt nach bhfuil ann. Mura bhfuil ionramháil déanta ar a bhfuil scríofa sa phictiúr ná glac leis mar thagairt. Sula mbronntar marc ar bith socraigh cén marc atá ar fáil don iarracht. Ansin taispeáin an marc atá ar fáil don alt i lúibíní …

m.sh CUM:( 37 – $10_t$ = 27) Nó CUM:(37 - $0_t$ = 37)

Ansin déan measúnú ar an alt mar phíosa cumarsáide agus bronn marc air as an marc atá ar fáil. Glactar le foirm ar bith nó le pearsa ar bith nó le aimsir ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.

**Ná glac le Béarla.**

Tá timpeall 90 focal ag teastáil. Sa chás nach mbeidh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta (m.sh. mura bhfuil ann ach 45 focal, an t-alt a mharcáil as pé marc atá ar fáil dó agus timpeall 50% a bhaint den mharc bronnta).

Sampla: 75 focal agus 6 thagairt ann:

**Cum(37-$5_t$ = 32) = 24 –$4_f$ =20**

Sampla: 90 focal agus 7 dtagairt ann:

**CUM(37-$0_t$ = 37) = 35 –$0_f$ =35**

Cruinneas Gaeilge **CR (13) = 13**

N.B.
Ná haistrigh an t-iomlán suas go dtí uimhir na ceiste go dtí go mbeidh 6(b) marcáilte.

Nóta:
Beifear ag súil le tagairtí do na rudaí seo a leanas:
Ag teacht chuig nó ag imeacht ón loch / an Club Óige
An lá / am / áit a raibh sé ar siúl
Cé a bhí in éineacht leat?
An aimsir
Na himeachtaí a bhí ar siul ann: Peil / picnic / bádóireacht / Iascaireacht / snámh/ Siúlóid / Dreapadóireacht Comórtas peile / ceol, / dioscó,/ céilí,/ rince,/ damhsa
Ag éisteacht / ag féachaint / ag ithe / ag ól
Báid ar chíos / Bus abhaile. Cheannaigh mé lón

# Ceist 6 (b) Eachtra:

An Tasc: Scríobh faoi eachtra a thárla agus tú cois trá le do chara le h-aghaidh "*Iris Na Scoile*".

Bheadh tagairt do gach aon phictiúr tábhachtach le go mbeadh fás nadúrtha ag baint leis an eachtra. Níor mhór tagairt amháin a bheith sa chuntas do gach pictiúr, mar aon le tagairt amháin eile a bhaineann le pictiúr ar bith eile.

Cuir tic le gach tagairt atá ann. Seacht dtagairt ar fad atá ag teastáil. Socraigh cén marc atá ar fáil don iarracht. Bain 5 mharc ar gach tagairt nach bhfuil ann. Taispeáin an marc atá ar fáil don alt i lúibíní, m.sh ($37 – 10_t = 27$). Ansin déan measúnú ar an alt mar phíosa cumarsáide agus bronn marc air as an marc atá ar fáil dó

SamplaCUM: ($37 – 0_t = 37$) nó CUM ($37 – 10_t = 27$)

Glactar le foirm ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, agus bunaithe ar an eachtra a léirítear. Pionós beag muna bhfuil an scríbhneoir páirteach san eachtra nó má tá leanúnachas in easnamh.

Ná glac le Béarla.

Tá timpeall 90 focal ag teastáil. Sa chás nach mbeidh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta. Mar shampla. mura bhfuil ann ach 60 focal, an t-alt a mharcáil as pé marc atá ar fáil dó agus timpeall 33% a bhaint den mharc bronnta).

**CUM:( $37 – 5_t = 32$ ) = $30 – 10_f$ = 20**

**Cruinneas Gaeilge CR (13) = 13**

**-------------**

**33**

**Dhá líne faoin iomlán ====**

Fiú muna mbíonn fad i gceist ba choir é seo a léiriú
( Cum (37 –0t =37) = $31 - 0_f$ =31 )

Dhá líne faoin iomlán agus an marc is airde idir 6(a) agus 6(b) a chur ar aghaidh go dtí uimhir na ceiste agus chuig an ngreille. Lúibíní cearnógacha thart ar an iomlán is ísle.

**Tugadh an treoir seo a leanas do na scrúdaitheoirí ar fad:**

Níor mhiste do gach Príomhscrúdaitheoir Comhairleach gach a leanann seo a chur in iúl do na Scrúdaitheoirí Comhairleacha. Níor mhiste do na Scrúdaitheoirí Comhairleacha é seo a leanas a chur in iúl dá Scrúdaitheoirí Cúnta:

Sa chás go dtagann Scrúdaitheoir Cúnta ar script a bhaineann le hiarrthóir ar cuireadh socruithe speisialta ó thaobh scrúdaithe de ar fáil dó/di:

- níor mhór don Scrúdaitheoir Cúnta a chur in iúl dá Scrúdaitheoir Comhairleach go bhfuil a leithéid de script le marcáil aige/aici;

- caithfidh an Scrúdaitheoir Comhairleach a mhíniú don Scrúdaitheoir Cúnta go bhfuil gach gné den scéim mharcála faoi mar atá leagtha amach le cur i bhfeidhm ó thaobh mharcáil na scripte de ach amháin nach mbeidh an litriú agus gnéithe áirithe den ghramadach san áireamh.

Míneoidh an Scrúdaitheoir Comhairleach don Scrúdaitheoir Cúnta go mbeifear ag déanamh fiosruithe ina thaobh seo lena chinntiú go bhfuil an scéim mharcála á cur i bhfeidhm mar is ceart ag an Scrúdaitheoir Cúnta ina leithéid de chás.

---

# TÉIPSCRIPT

## CLUASTUISCINT

### Ceist a hAon:

Is mise Síle Ní Néill. Tá mé i mo chónaí i nDroichead na Bandan, Contae Chorcaí. Oibrím faoi láthair mar airgeadóir sa bhanc i Maigh Chromtha. Téim ann gach maidin i mo charr nua. Is breá liom a bheith ag tiomáint.Tá mo dheartháir Tomás ina phíolóta le hAer Árann agus tá mo dheirfiúr Aoife ag obair mar rúnaí i gCathair Chorcaí. (61)

Ceist a hAon A

Cén post atá ag Síle faoi láthair?

Ceist a hAon B

Cén áit a bhfuil **Aoife** ag obair?

**Ceist a Dó:**

Osclófar Óstán nua i Ros Muc an mhí seo chugainn. Deir an bainisteoir Tomás Ó Luanaigh go mbeidh folúntais ann do chúig dhuine dhéag. Tá sé ag lorg seisear cócairí, cúigear freastalaithe agus ceathrar eile chun obair ghinearalta a dhéanamh san óstán. Má theastaíonn post uait is féidir bualadh le Tomás in Óstán Jury i nGaillimh, Dé Sathairn seo chugainn, idir a deich agus a dó dhéag a chlog. (68)

Ceist a Dó A

Cad a osclófar i Ros Muc an mhí seo chugainn?

Ceist a Dó B

Cé mhéad freastalaí atá á lorg ag Tomás?

**Ceist a Trí:**

Bhí taispeántas faisin ar siúl aréir in Ollstór de Róiste, Sligeach. Bhí slua mór i láthair agus bhí na mainicíní is deise in Éirinn ann. Éadaí do mhná agus do pháistí a bhí ar taispeáint ann. Bhí na bailiúcháin is déanaí don samhradh ann. Is ar mhaithe le hairgead a bhailiú do Chumann Naomh Uinseann de Pól a bhí an taispeántas ann. Cúig euro déag a bhí ar na ticéid agus bailíodh beagnach míle euro. (74)

Ceist a Trí A:

Cad a bhí ar siúl in Ollstór de Róiste aréir?

Ceist a Trí B:

Cén saghas éadaí **nach** raibh ar taispeáint ann?

**Ceist a Ceathair.**

Bean: Gabh mo leithscéal, ach an bhfuil a fhios agat cá bhfuil Amharclann de hÍde le do thoil? Tá mé féin agus m'iníon ag iarraidh dul go dtí an dráma anocht.

Fear: Ó, tá Amharclann de hÍde leathmhíle nó mar sin ón áit seo. Lean ort ar aghaidh go dtí bun an bhóthair. Téigh thar an droichead agus ansin feicfidh sibh an Amharclann os comhair na habhann. Ach tóg go réidh é, ní thosaíonn an dráma go dtí ceathrú tar éis a hocht. (80)

Ceist a Ceathair.

Cá bhfuil an bhean ag dul?

**Ceist a Cúig.**

Fear: Gabh mo leithscéal ach an bhfuil a fhios agat cá bhfuil Siopa na mBróg? Ba mhaith liom péire bróg a cheannach dom féin.

Bean: Tá a fhios, cinnte! Lean ort díreach ar aghaidh ar an mbóthar seo. Cas ar dheis ag an gcrosaire. Téigh síos an bóthar sin agus tóg an dara casadh ar clé. Feicfidh tú Siopa na mBróg ar thaobh na láimhe deise díreach os comhair an pháirc imeartha. (74)

Fear: Go raibh míle maith agat.

Ceist a Cúig.

Cá bhfuil Siopa na mBróg? (Cuir tic sa bhosca ceart.)

**Ceist a Sé.**

Conas mar a bheidh cúrsaí aimsire don chluiche mór i bPáirc an Chrócaigh amárach? Beidh sé scamallach anocht, agus maidin amárach titfidh ceathanna troma báistí a leanfaidh ar feadh an lae. Mar sin tá lá fliuch i ndán do na himreoirí agus don lucht féachana. Beir leat do scáth fearthainne má tá tú ag dul go dtí an cluiche. Beidh an aimsire tirim agus te arís ar an Luan. (76)

Ceist a Sé A:

Cén chaoi a mbeidh an aimsir i bPáirc an Chrócaigh amárach?

Ceist a Sé B:

Cén chaoi a mbeidh an aimsir ar an Luan?

**Ceist a Seacht.**

Seo fógra ón bPríomhoide : Beidh griangrafadóir ag tabhairt cuairte ar an scoil maidin amárach ar a naoi a chlog. Tógfaidh sé griangraf de gach rang ar leith. Iarrtar ar gach dalta a bheith gléasta san éide scoile agus gan a bheith as láthair, más féidir. Tosóidh sé leis na ranganna sinsearacha agus ina dhiaidh sin déanfaidh sé na ranganna sóisearacha. Ní dhéanfaidh sé an Idirbhliain in aon chor toisc go bhfuil siad amuigh ar taithí oibre an tseachtain ar fad. (81)

<u>Ceist a Seacht A:</u>

Cé a bheidh ag tabhairt cuairte ar an scoil amárach?

<u>Ceist a Seacht B:</u>

Cén grúpa atá amuigh ar taithí oibre?

**Ceist a hOcht.**

Beidh Céilí Mór ar siúl i halla na scoile Dé hAoine seo chugainn, ag tosú ar a hocht a chlog. Banna Ceoil na Carraige Duibhe a bheidh ag seinm ann agus beidh Muiris Ó Sé ann mar fhear a'tí. Beidh fáilte roimh dhaltaí sinsearacha ó scoileanna an bhaile. Deich euro an cead isteach. Rachaidh an t-airgead ar fad chuig Ospidéal na bPáistí i mBaile Átha Cliath. Bígí ann!  (68)

<u>Ceist a hOcht A:</u>

Cad a bheidh ar siúl i halla na scoile Dé hAoine?

<u>Ceist a hOcht B:</u>

Cén áit a rachaidh an t-airgead ar fad?

**Ceist a Naoi.**

Beidh ceiliúradh speisialta ar siúl i gClub Óige Naomh Eoin ar an séú lá de Lúnasa. Beidh an club deich mbliana d'aois an lá sin. Tagann thart fá ochtó déagóir go dtí an clubtheach gach seachtain. Bíonn imeachtaí éagsúla agus cluichí de gach saghas ar siúl acu

agus bíonn dioscó acu dhá uair sa mhí. Beidh an chóisir speisialta sa chlubtheach ag tosú ar a seacht a chlog. Ticéid ar fáil ó rúnaí an chlub. (75)

<u>Ceist a Naoi A:</u>

Cén Club ina mbeidh an Ceiliúradh speisialta?

<u>Ceist a Naoi B:</u>

Cén t-am  a thosóidh an chóisir?

**Ceist a Deich.**

**Ar an teileafón.**

*Barra*: A Úna, Barra anseo. Ní fhaca mé ag an dioscó aréir thú.

*Úna*: Ó, a Bharra. Ní raibh mé ábalta dul ann. Bhí mé in Óstán Uí Riain aréir.

*Brian*: Ó, an bhfuil tú ag obair ansin anois!

*Úna*: Dhera, níl! Tá's agat go maith nach dteastaíonn uaim a bheith ag obair in Óstán.

*Barra*: Agus cén fáth mar sin a raibh tú san óstán in ionad a bheith ag an dioscó aréir?

*Úna*: Bhí mé ag ithe béile breá blasta san óstán.

*Barra*: Ach ní raibh tú leat féin, an raibh?

*Úna*: Ní raibh. Bhí mé in éineacht le m'aintín Nóra a tháinig abhaile as Sasana inné. Tá sí ar saoire seachtaine anseo.

*Barra*: Ach cogair, a Úna, an mbeidh tú ag dul chuig an chéad dioscó eile, an mhí seo chugainn?

*Úna*: Beidh, a Bharra, má fhaighim cuireadh ón mbuachaill ceart! (134)

Ceist a Deich A:

Cá raibh Úna aréir?

Ceist a Deich B:

Cathain a bheidh an chéad dioscó eile ann?

**Ceist a hAon Déag.**

**Ar an tSráid**.

Máire: A Néill, tóg sos beag, a bhuachaill. Tá dea-scéala agam duit.

Niall: Cén dea-scéala, a Mháire? Nach bhfuil na scrúduithe ar siúl?

Máire: Éist, a bhuachaill. An cuimhin leat an comórtas sin a bhí ar Raidio Na Gaeltachta seachtain ó shin?

Niall: Is cuimhin ach…

Máire: Bhuel, bhuaigh mé an chéad duais, dhá thicéad do cheolchoirm “Coldplay” sa Phoint, Dé Céadaoin seo chugainn. An dtiocfaidh tú liom?

Niall: Go raibh maith agat, a Mháire, ach ar ndóigh ní bheidh me ábalta dul ann.

Máire: Ach cén fáth a Néill. Tá tusa craiceáilte faoin ngrúpa sin.

Niall: Tá, a Mháire, ach beidh scrúdú Bitheolaíochta agam Dé Céadaoin seo chugainn agus scrúdú Fisice Déardaoin.

Máire: Ó, a thiarcais! Tá brón orm é sin a chloisteáil. Ach inis dom, an dóigh leat gur mhaith le do chol ceathrair Maidhc dul liom? (132)

Ceist a hAon Déag A:

Cén comórtas a bhuaigh Máire?

Ceist a hAon Déag B:

Cén scrúdú a bheidh ag Niall Dé Céadaoin seo chugainn?

**Ceist a Dó Dhéag.**

**Ar an bhfón póca**

Áine: A Choilm ! Áine anseo.

Colm: Haigh, a Áine. Cén scéal?

Áine: Bhí mé san oifig thaistil ar maidin agus….

Colm: Agus?

Áine: Agus d'éirigh liom an tsaoire sin sa Spáinn a chur in áirithe don seisear againn. Má théimid ar an seachtú lá d'Iúil ní chosnóidh sé ach trí chéad euro an duine!

Colm: Ach, a Áine.

Áine: Ná habair liom nach bhfuil an t-airgead agat, a Choilm.

Colm: Ó, tá an t-airgead agam ach ní bheidh mé ábalta dul go dtí an Spáinn libh.

Áine: Agus cén fáth nach mbeidh tú ábalta dul go dtí an Spáinn le do chairde scoile, a Choilm?

Colm: Thug m'uncail Liam cuireadh dom dul go dtí cluiche ceannais Chorn an Domhain sa Staid Oilimpeach ar an naoú lá d'Iúil!

Áine: Agus b'fhearr leatsa dul ag féachaint ar chluiche sacair in ionad dul ar saoire le do sheanchairde.

Colm: Ach ná bí mar sin, a Áine. …….. A Áine? … A Áine??? (150)

(119)

Ceist a Dó Dhéag A:

Cén áit a raibh Áine ar maidin?

Ceist a Dó Dhéag B:

Cé a thug cuireadh do Cholm dul go dtí Corn an Domhain?